# Uisce ar son na Síochána




## Tá an t-uisce luachmhar.

## Teastaíonn uisce ag gach duine, ar fud an domhain.

**Teastaíonn uisce uainn le hól, bia a fhás, muid féin a ní, ár n-éadaí a ghlanadh, monarchana a fheidhmiú agus go leor nithe eile. Is ní ríthábhachtach é uisce glan maidir le daoine a choinneáil sláintiúil agus scaipeadh galair a laghdú. Gan rochtain ar uisce óil glan, fulaingíonn pobail agus éiríonn siad greamaithe i dtimthriall bochtaineachta:**

**Féadfaidh daoine éirí tinn,** nó fiú bás a fháil, mura bhfuil an dóthain uisce glan acu le hól, agus d'fhéadfadh nach mbeadh na háiseanna acu iad fhéin a ní.

**Cailleann mná agus páistí amach** ar dheiseanna poist agus ar an scoil, toisc go gcaithfidh siad achair fhada a thaisteal chun uisce a bhailiú dá dteaghlaigh.

**Gan uisce,** tá sé níos deacra bheith ag feirmeoireacht agus barra a fhás don bhia.

**Nuair atá pobail ag streachailt** chun freastal ar a riachtanais uisce, ní féidir leo a ngeilleagair a fhorbairt, agus mar sin fanann daoine bocht.

**Mar tá an t-uisce chomh tábhachtach sin, is féidir le heasaontas a bheith ann idir tíortha mar gheall ar rochtain ar uisce.** Is minc a bhíonn tíortha le báisteach iontaofa, aibhneacha agus locha flúirseacha, níos saibhre agus níos seasmhaí ná tíortha a bhíonn ag streachailt lena riachtanais uisce a bhaint amach. I roinnt áiteanna, áit a mbíonn tíortha nó réigiúin in aice láimhe ag brath ar chórais abhann roinnte, is féidir easaontas a bheith mar thoradh air seo, nó fiú cogadh. Agus an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar ár gcórais aimsire, tá an bháisteach ag éirí níos dothuartha, le triomaigh i roinnt áiteanna, agus stoirmeacha agus tuilte in áiteanna eile - is féidir le tuilleadh teannais a bheith mar thoradh air seo, mar bíonn ar phobail deileáil le hathruithe dothuartha san aimsir.

**Is treoir chun gnímh iad Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe chun deireadh a chur le bochtaineacht, neamhionannais a laghdú, an timpeallacht a chosaint agus an t-athrú aeráide a mhoilliú.** Trí obair a dhéanamh le chéile chun Spriocanna Domhanda a thacú agus ag cinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine ar uisce óil glan agus sábháilte, is féidir linn cabhrú leis na coimhlintí seo a laghdú agus an domhan a dhéanamh ina áit níos síochánta agus níos rathúla do chách.

## Cad is féidir linn a dhéanamh?

- Tacú leis na Spriocanna Domhanda, foghlaim faoi Sprioc 6: An Sprioc Uisce agus Córas Séarachais Glan: 14 Saol faoin Uisce agus Sprioc 16: Síocháin, Cóir agus Institiúidí Láidre, agus daoine a chur ar an eolas faoi Spriocanna do scoile. Tabhair cuairt ar ***https://worldslargestlesson.globalgoals.org/*** chun tuilleadh eolais a fháil faoi na Spriocanna Domhanda agus conas is féidr leat cabhrú chun iad a bhaint amach.
- Faigh amach faoi d'uisce - cá as a dtagann sé? Cén áit a gcaitear é? Agus cá a dtéann sé nuair a théann sé síos an doirteal nó an leithreas? Tabhair cuairt ar ***www.water.ie*** chun tuilleadh eolais a fháil faoi d'ionaid chóireála uisce agus fuíolluisce áitiúla.
- Bunaigh buta uisce nó inneall bainte uisce báistí i do scoil chun uisce báistí a bhiliú chun uisce a chur ar ghairdín na scoile. Leis sin, ní chaithfear uisce as an sconna a úsáid atá cóireáilte go hardchaighdeánach a thógann go leor fuinnimh chun é a ghiniúint.
- Eagraigh Siúil ar son na hUisce i do scoil chun daoine a chur ar an eolas faoin aistear a bhíonn ag mná agus páistí gach lá chun uisce óil a bhailiú dá dteaghlaigh. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ***www.greenschoolsireland.org*** le haghaidh tuilleadh eolais.
- Bailigh airgead do charthanacht a bhaineann leis an uisce a bhfuil rochtain á chur ar fáil acu ar uisce glan agus córas séarachais sna háiteanna a bhfuil sé de dhíth.
- Scríobh chuig d'ionadaithe rialtais áitiúil agus fiafraigh díobh cad atá á dhéanamh acu chun cáilíocht uisce a chosaint i do cheantar agus chun riachtanais na Creatreorach Uisce de chuid an AE a chomhlíonadh. Faigh tuilleadh eolais anseo: ***www.catchments.ie/guide-water-framework-directive/***
- Eagraigh tionscadal glantacháin d'aibhneacha, locha agus uiscí cósta agus bíodh páirt ag do phobal go léir.
- Bí ar an eolas maidir le cáilíocht uisce in Éirinn: ***www.water.ie/help/water-quality/***

Green-Schools An Taisce

www.greenschoolsireland.org

Uisce Éireann Irish Water